



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 3.30

Uimhir an Ionaid

Uimhir Scrúdaithe

### TREORACHA

1. Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.
  
2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)  
 Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 mharc)  
 Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)  
 Iomlán (80 marc)
  
3. Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh.
  
4. Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

**TÁBHACHTACH** Beifear ag síul leis go geloífidh tú leis an gcur chuige a chleachtaítear sa chúrsa OSSP ó thaobh cearta daonna de agus tú ag freagairt na gceisteanna ar an bpáipéar.

Don scrúdaitheoir		
	Ceist	Marc
<b>Roinn 1</b>	<b>C1</b>	
	<b>C2</b>	
	<b>C3</b>	
	<b>C4</b>	
<b>Roinn 2</b>	<b>C1</b>	
	<b>C2</b>	
	<b>C3</b>	
	<b>C4</b>	
<b>Roinn 3</b>	<b>C1</b>	
	<b>C2</b>	
	<b>C3</b>	
	<b>C4</b>	
<b>IOMLÁN</b>		
<b>Iomlán na h-iomlán bunleathanaigh</b>		
<b>Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge</b>		
<b>MÓR IOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh</b>		

## ROINN 1

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

1. Fótagraif iad seo thíos de cheathrar polaiteoirí a bhfuil, nó a raibh, poist tábhachtacha acu i bpolaitíocht na hÉireann. Scríobh síos sa spás a chuirtear ar fáil an teideal/an post atá, nó a bhí, ag gach polaiteoir díobh.


**Níl sé ceadaithe teideal ar bith díobh a úsáid ach AON UAIR AMHÁIN.**

**Teidil/Poist:** Uachtaráin na hÉireann

Ceann Comhairle Dáil Éireann

Tánaiste


Taoiseach



(i) \_\_\_\_\_



(ii) \_\_\_\_\_



(iii) \_\_\_\_\_



(iv) \_\_\_\_\_  
(4 mharc)

**2. Coincheapa cursa OSSP**

*Daonlathas*

*Forbairt*

*Idirspleáchas*

*Maoirseacht*

Míníonn gach ceann de na mínithe a thugtar thíos **CEANN AMHÁIN** de na coincheapa liostaithe thuas. Le hais gach mínithe díobh scríobh ainm an choincheapa is dóigh leat a mhíníonn sé.

**Níl sé ceadaithe ach coincheap AMHÁIN a scríobh le hais gach mínithe acu. Níl sé ceadaithe coincheap ar bith a úsáid ach UAIR AMHÁIN.**

Míniú an Choincheapa	Coincheap an Chúrsa
Ag glacadh cúram chuí i leith an chomhshaoil agus an phláinéid ina mairimid	
Rialú an phobail, trí vótáil agus trí thoghcháin	
Feabhsúcháin atá ag tarlú i measc pobal sa tír seo agus thar lear	
Na bealaí ina bhfuil nasc idir sinne agus daoine eile ar domhan	

(4 mharc)

3. Tugtar thíos ainmneacha sé pháirtí polaitiúla. Tugtar chomh maith ainmneacha seisir atá, nó a bhí, ina gceannairí ar pháirtí polaitiúil in Éirinn. Scríobh ainm **GACH** páirtí polaitiúil os comhair ainm cheannaire an pháirtí sin. **Níl sé ceadaithe ach páirtí AMHÁIN a scríobh os comhair ainm gach ceannaire díobh.**

**Páirtithe Polaitiúla**

*Fianna Fáil*

*Fine Gael*

*Sinn Féin*

*An Comhaontas Glas*

*Páirtí an Lucht Oibre*

*An Páirtí Daonlathach*

**Ceannaire an Pháirtí**

**Is é an páirtí a bhfuil an té seo ina cheannaire air ná**

Gerry Adams

\_\_\_\_\_

Bertie Ahern

\_\_\_\_\_

Mary Harney

\_\_\_\_\_

Enda Kenny

\_\_\_\_\_

Pat Rabbitte

\_\_\_\_\_

Trevor Sargent

\_\_\_\_\_

(6 mharc)

4. (a) Tugtar An Tánaiste ar...  
Cuir tic [ ✓ ] sa bhosca os comhair an tAON fhreagra amháin is dóigh leat atá ceart.
- (i) Ionadaí an Taoisigh [ ]
- (ii) Bunreacht na hEireann [ ]
- (iii) Áras an Uachtaráin [ ]
- (iv) Cathaoirleach an tSeanaid [ ]
- (b) Cén áit ina dtagann an Dáil agus an Seanad le chéile?  
Cuir tic [ ✓ ] sa bhosca os comhair an tAON fhreagra amháin is dóigh leat atá ceart.
- (i) Teach Farmleigh [ ]
- (ii) Caisleán Stormont [ ]
- (iii) Teach Laighean [ ]
- (iv) Áras an Uachtaráin [ ]
- (c) Cé mhéad Dáilcheantar atá ann?  
Cuir tic [ ✓ ] sa bhosca os comhair aon tAON fhreagra amháin is dóigh leat atá ceart.
- (i) 13 [ ]
- (ii) 32 [ ]
- (iii) 40 [ ]
- (iv) 43 [ ]
- (d) Cé mhéad Feisire Eorpach (Ball de Pharlaimint na hEorpa) a thogh Éire (An Phoblacht) sa bhliain 2004?  
Cuir tic [ ✓ ] sa bhosca os comhair an tAON fhreagra amháin is dóigh leat atá ceart.
- (i) 13 [ ]
- (ii) 18 [ ]
- (iii) 25 [ ]
- (iv) 40 [ ]

(4 mharc)

## ROINN 2

**Freagair TRÍ cinn de na ceisteanna atá uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Tá 14 mharc ag dul do gach ceist.**

### 1. Comóradh 60ú bliain bhás Anne Frank

Déan staidéar ar Bhileog Eolais Anne Frank atá prioritálte ar leathanach scaoilte ar leith.

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “ **Bileog Eolais Anne Frank le haghaidh Roinn 2, Ceist 1**”.

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbileog eolais seo, freagair na ceisteanna thíos.**

- (a) Cé mhéad bliain ó shin a rugadh Anne Frank?

---

Cá háit a bhfuair Anne Frank bás i Márta 1945?

---

De réir an bhileog eolais, cad é a bhain cáil amach do Anne Frank?

---

(3 mharc)

- (b) Is músaemanois é Teach Anne Frank. Luagh na **TRÍ** choinchéap a bhfuil an músaem ag iarraidh a chur chun cinn.

An Chéad Choincheap \_\_\_\_\_

An Dara Coincheap \_\_\_\_\_

An Tríú Coincheap \_\_\_\_\_  
(3 mharc)

- (c) Chabhródh léamh scéal beatha Anne Frank linn chun teacht ar thuisceint i dtaobh thairbhe na caoinfhulangtha, an ómóis agus i dtaobh thábhacht cearta daonna. Luagh **DHÁ** dhoiciméad thábhachtacha a dhréachtaigh na Náisiúin Aontaithe chun cearta daonna a chosaint.

Doiciméad a hAon \_\_\_\_\_

Doiciméad a Dó \_\_\_\_\_  
(2 mharc)

- (d) Deir an Bhileog Eolais nár imigh gach rian den leithcheal ná den chiníochas ba thrúig bháis do Anne nuair a tháinig deireadh le Cogadh Domhanda II. Inniu tá géarleanúint fós á déanamh ar dhaoine agus iad á ndúnmharú toisc go bhfuil siad, ar nós Anne Frank, ‘difriúil’.

Ainmnigh **DHÁ** ghrúpa daoine in Éirinn go mb’fhéidir go ndearnadh leithcheal orthu.

Grúpa a hAon \_\_\_\_\_

Grúpa a Dó \_\_\_\_\_  
(2 mharc)

- (e) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh arbh fhéidir le **DO SCOILSE** a dhéanamh chun mic léinn in Éirinn a spreagadh chun níos mó den chaoinfhulaingt agus den ómós a thaispeáint i leith daoine atá ‘difriúil’.

An chéad ghníomh \_\_\_\_\_

---

---

---

An dara gníomh \_\_\_\_\_

---

---

---

(4 mharc)

## 2. Comhairlí Mac Léinn

Déan staidéar ar bhróisiúr Chomhairle na Mac Léinn atá prioritálte ar leathanach scaoilte ar leith.

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “ Bróisiúr Chomhairle na Mac Léinn le haghaidh Roinn 2, Ceist 2”.

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbróisiúr seo, freagair na ceisteanna seo thíos.

- (a) Cad is Comhairle Mac Léinn ann?

---

---

---

---

Cén tAcht a deir go gcaithfidh Boird Bhainistíochta a ndícheall a dhéanamh chun go mbunófaí Comhairlí Mac Léinn i scoileanna?

(3 mharc)

- (b) Cad a dhearbhaíonn an Straitéis Náisiúnta um Leanaí mar gheall ar leanaí agus ar dhaoine óga?

---

---

---

---

(2 mharc)

- (c) Tá socruithe ag do rang OSSP feachtas a eagrú chun Comhairle Mac Léinn a bhunú i do scoilse. Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** ghníomh arbh fhéidir le do rang OSSP a dhéanamh mar chuid den fheachtas seo.

An chéad ghníomh \_\_\_\_\_

Míniú \_\_\_\_\_

---

---

An dara gníomh \_\_\_\_\_

Míniú \_\_\_\_\_

---

---

(4 mharc)

- (d) Mol mana a chabhródh le mic léinn **tábhacht** Chomhairle Mac Léinn le haghaidh na scoile agatsa a thuiscent.

---

---

(2 mharc)

- (e) Luaign **TRÍ** cheist thábhachtacha a bhaineann le mic léinn arbh fhéidir le Comhairle na Mac Léinn iad a phlé ag a gcuid cruinnithe.

An chéad cheist \_\_\_\_\_

An dara ceist \_\_\_\_\_

An tríú ceist \_\_\_\_\_

(3 mharc)

### **3. Sclábháocht Leanaí**

**Déan staidéar ar an bpóstaer Cuir Stop le Sclábháocht Leanaí atá prioritálte ar leathanach scaiolte ar leith.**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “Póstaer Sclábháocht Leanaí le haghaidh Roinn 2, Ceist 3”.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bpóstaer seo, freagair na ceisteanna thíos.**

- (a) Cad é an ceart a cheileann Sclábháocht Leanaí ar leanaí?

---

Cé mhéad duine óg idir 5 bliana agus 17 mbliana d'aois a shainaithnítear mar sclábhaithe linbh?

---

Cad é seoladh idirlín an fheachtais seo a bhfuil de chuspóir aige stop a chur le sclábháocht leanaí?

---

(3 mharc)

- (b) Luaigh **TRÍ** shaghas dhifriúla oibre a mbíonn sclábhaithe linbh rannpháirteach iontu.

An chéad saghas \_\_\_\_\_

An dara saghas \_\_\_\_\_

An tríú saghas \_\_\_\_\_

(3 mharc)

- (c) Deir An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 gurb iad na huasuaireanta oibre in aghaidh na seachtaine ná 0 uair i gcás daoine óga atá 14 bliana agus 8 n-uaire i gcás daoine óga atá 15 bliana i rith an téarma scoile agus 35 huaire in aghaidh na seachtaine i rith na laethanta saoire. Luaigh cúis **AMHÁIN** a gceapann tú gur tugadh an dlí seo isteach.

---

---

---

(2 mharc)

- (d) Measann An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair go bhfuil 246 mhilliún leanbh atá idir 5 bliana agus 17 mbliana d'aois ag obair mar sclábhaithe. Tá formhór na leanaí seo san Áis (60%) agus san Afraic (32%).

Mol gníomh **AMHÁIN** arbh fhéidir le **RIALTAS NA HÉIREANN** a dhéanamh a chabhródh chun líon na sclábhaithe linbh a laghdú.

---

---

(2 mharc)

- (e) Mar shaoránach d'Éirinn is féidir leat ról a ghlacadh chomh maith. Mol **DHÁ** ghníomh arbh fhéidir **LEATSA** a dhéanamh chun daoine a chur ar an eolas i do phobal féin i dtaobh Sclábháiocht Leanaí.

An chéad ghníomh \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

An dara ghníomh \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

(4 mharc)

#### **4. Trádáil Chóir**

**Déan staidéar ar leathanach na Trádála Córa atá prioritáilte ar leathanach scaoilte ar leith.**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “Leathanach na Trádála Córa le haghaidh Roinn 2, Ceist 4”.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an leathanach, freagair na ceisteanna thíos.**

- (a) Tráchtar san alt ar fheachtas a bhaineann le trádáil chóir. Ainmnigh an grúpa atá ag eagrú an fheachtais.

An grúpa \_\_\_\_\_

Cad é a chinntíonn Trádáil Chóir? \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ (2 mharc)

- (b) Luaigh cúis **AMHÁIN** a bhfuil pá Piocadóirí Tae chomh híseal sin.

An chúis \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ (2 mharc)

- (c) Faigheann Piocadóirí Tae na Trádála Córa bónas. Cén fáth a bhfuil sé seo an-tábhachtach dóibh?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ (4 mharc)

- (d) Ainmnigh **DHÁ** bhia faoi shéala Mharc na Trádála Córa a bhfuil fáil orthu in Éirinn.

An chéad bhia \_\_\_\_\_

An dara bia \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ (2 mharc)

- (e) I Márta gach bliain bíonn Coicíos na Trádála Córa ar siúl in Éirinn chun Trádáil Chóir a chur chun cinn. Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh arbh fhéidir leis an rang OSSP agatsa a dhéanamh chun Trádáil Chóir a chur chun cinn i do scoilse mar chuid de Choicíos na Trádála Córa.

An chéad ghníomh \_\_\_\_\_

---

---

---

An dara gníomh \_\_\_\_\_

---

---

---

(4 mharc)

### ROINN 3

**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna atá uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Tá 20 marc ag dul do gach ceist.**

**Tá leathanach bán le haghaidh cheisteanna na bpóstaer ar chúl an fhreagarleabhair seo.**

**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar bhFeitheoir Scrúdaithe é, le do thoil.**

#### 1. Ceiliúraigh Lá na Cruinne

Chuimhnigh an Seanadóir Nelson, Polaiteoir Meiriceánach, gur mhaith an rud lá speisialta a bheith ann chun rud éigin a dhéanamh faoina bhfuil ag tarlú don chomhshaol. Bhí Lá na Cruinne ann den chéad uair in SAM ar 22 Aibreán 1970 agusanois déantar é a cheiliúradh ar fud an domhain ar an dáta sin.

Mar chuid dá bhfuil á fhoghlaim agat i dtaobh mhaoirseacht an chomhshaoil, tá sé beartaithe ag an rang OSSP agatsa Lá na Cruinne a cheiliúradh.

- (a) Tarraing sceitse de phóstaeir a d'úsáidfeá chun go gcuirfí leis an eolas i dtaobh Lá na Cruinne. Ba cheart duit mana oiriúnach a bheith i do sceitse, chomh maith le líníocht nó pictiúr. (Tá leathanach bán ar chúl an fhreagarleabhair seo le haghaidh an phóstaeir). (6 mharc)
- (b) Scríobh alt gairid le haghaidh iris na scoile agatsa ag míniú cén fáth a bhfuil Lá na Cruinne tábhachtach. San alt sin, luaigh **DHÁ** chuíis éagsúla ar a laghad lena bheith rannpháirteach. (6 mharc)
- (c) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh phraiticiúla arbh fhéidir leis an rang OSSP agatsa a dhéanamh ar Lá na Cruinne chun daoine sa phobal agat féin a spreagadh chun cúram a dhéanamh dá gcomhshaoil. (8 marc)

#### 2. Feachtas Chun an Cloigtheach Ciorclach a Shábháil

Tá cloigtheach ciorclach i do cheantar a tháinig slán ó ionsaithe na nUigingeach. Tá an cloigtheach seo faoi bhagairt má thugann an t-údarás áitiúil faomhadh d'íarratas pleanála le haghaidh scéim forbartha siopaí agus gnólachtaí.

Aontaíonn tusa agus baill den phobal gur mór an tairbhe don phobal é an cloigtheach seo.

- (a) Scríobh **TRÍ** cinn d'argóintí a chuirfeá i nduilleachán feachtas á mholadh go gcuirfí stop leis an bhforbairt atá beartaithe i do cheantar féin. (6 mharc)
- (b) Scríobh litir chuig d'údarás áitiúil ag cur in aghaidh na forbartha atá molta. I do litir déan **DHÁ** mholadh forbartha eile a mholadh le haghaidh an tsuímh thábhachtaigh seo. Mínigh conas a rachaidh na forbairtí seo chun leasa an phobail. (6 mharc)
- (c) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh arbh fhéidir leis an bpobal ina maireann tú iad a dhéanamh mar chuid dá bhfeachtas chun an cloigtheach a shábháil. (8 marc)

### **3. Toghchán Bréige**

Cuir i gcás go bhfuil toghchán ar siúl in Éirinn faoi láthair. Tá molta agat féin agus ag do chomhdhaltaí go dtionólfadh an rang OSSP agaibhse toghchán bréige don scoil go léir.

- (a) Mol **DHÁ** chúis a mbeadh an toghchán bréige seo ina thionscadal dea-ghnímh le haghaidh mac léinn uile na scoile. (6 mharc)
- (b) Tarraing sceitse póstaeir a d'úsáidfeá chun spreagadh a thabhairt do dhaoine óga i do scoilse vótáil sa toghchán bréige. Ba cheart go mbeadh mana oiriúnach sa sceitse agat chomh maith le líníocht nó pictiúr. (Tá leathanach bán le haghaidh an phóstaeir ar fáil ar chál an fhreagarleabhair seo). (6 mharc)
- (c) Déan cur síos ar obair **TRÍ** Choiste a chuirfeá ar bun chun an toghchán bréige a eagrú. (8 marc)

### **4. Cuairt ar Theach Cúirte nó ar Phríosún**

Tá críoch díreach curtha ag an rang OSSP agatsa le hobair i dtaobh ‘An Dlí in Ár Saol’ agus tá sé beartaithe agaibh cuairt ar Theach Cúirte **nó** ar Phríosún a eagrú chun feidhmiú chóras dlí agus cirt na hÉireann a fheiceáil.

- (a) Déan cur síos ar obair **TRÍ** Choiste a bhunófá chun an chuairt a phleanáil agus a eagrú. (Abair go soiléir cé acu ionad díobh a bhfuil beartaithe agaibh cuairt a thabhairt air). (8 marc)
- (b) Scríobh **TRÍ** cheist a chuirfeá ar an treoráí a bheidh in éineacht libh lá na cuairte ionas gur fearr an tuiscint a bheidh agat ar an dlí in Éirinn. (6 mharc)
- (c) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomhaíocht bhreise arbh fhéidir leis an rang OSSP agatsa tabhairt fúthu de thoradh na cuairte seo. (6 mharc)

---

**Cuir tic [ ✓ ] leis an gceist as Roinn 3 atá á freagairt agat, le do thoil.**

**Q. 1**

**Q. 2**

**Q. 3**

**Q. 4**

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---



**Le haghaidh fhreagairt na ceiste ar an bPÓSTAER [C1(a) nó C3 (b)] i Roinn 3 amháin.**